

Treoirlínte maidir leis an Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh

RÉAMHRÁ

1. De réir Airteagail 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010¹ tá EIOPA ag eisiúint na Treoirlínte athbhreithnithe seo ar úsáid an Aitheantóra Eintitis Dhlítheanaigh (LEI).
2. Ina athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na dTreoirlínte maidir le húsáid LEI (EIOPA-BoS-14-026)², is é an tátal a bhain EIOPA as gur cheart iad sin a athbhreithniú chun a raon feidhme a shoiléiriú, ag cur san áireamh forbairt agus dul i méid ábharthacht an LEI. Ina theannta sin, ba cheart go simplítear agus go nuashonraítear an téacs leis an athbhreithniú nuair is ábhartha, d'fhonn úsáid LEI a éascú agus a chur chun cinn a thuilleadh mar chód aitheantais uathúil d'eintitis dhlítheanacha faoi shainchúram maoirseachta na n-údarás inniúil.
3. Díritear na Treoirlínte seo ar údarás inniúla.
4. Beidh feidhm ag na Treoirlínte seo ón 1 Iúil 2022 agus aisghairfear na Treoirlínte maidir le húsáid LEI (EIOPA-BoS-14-026) leo agus tagann siad ina n-ionad.
5. Pléann na Treoirlínte seo leis an riachtanas LEI a bheith ann agus aithníonn siad na heintitis dhlítheanacha ar cheart LEI a bheith acu. Ní leagann na Treoirlínte amach an t-am ba cheart LEI a úsáid. Cuirfear úsáid LEI i gceanglais tuairiscithe agus nochtaithe san áireamh amach anseo sa i ngníomhartha reachtacha nua nó leasaithe.
6. Mar chuid dá rannpháirtíocht i dtionscnaimh caighdeánaithe sonraí, leis na Treoirlínte seo leanann EIOPA de thacú le glacadh an chórais LEI a mhol an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais (FSB) agus a dtacaíonn G20 leis, agus an aidhm aige aithint uathúil dhomhanda na bpáirtithe in idirbhearta airgeadais a bhaint amach.
7. Leanann na Treoirlínte ag leagan síos cleachtas chomhsheasmhacha éifeachtúla éifeachtacha mhaoirseachta trí aithint eintiteas dlítheanach a chomhchuihibhiú chun a chinntiú go bhfuil na sonraí iontaofa inchomparáide agus ar ardchaighdeán. Cuidíonn a leithéid de shonraí mar seo a leanas:
 - a) maoirseacht níos fearr ar institiúidí airgeadais agus feabhas ar bheartais rialála agus ar phróiseas cinnteoireachta;
 - b) rioscaí do chobhsaíocht airgeadais na n-earnálacha Eorpacha árachais agus pinsean a aithint, a mheasúnú agus a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu;
 - c) tacú le hobair fhoriomlán EIOPA ar chosc géarchéime, ar chobhsaíocht airgeadais, ar mhaoirseacht, ar bheartas agus ar chosaint tomhaltóirí.
8. Dá mbeadh úsáid níos forleithne den chód LEI ann chun eintitis dhlítheanacha atá faoi mhaoirseacht údarás inniúil i mBallstáit éagsúla a aithint, bheadh tairbhe faoi leith ann chun sonraí ó eintitis dhlítheanacha a oibríonn thar teorainneacha, trí bhraisí bunaithe i mBallstáit eile nó trí

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, Ich. 48).

² Treoirlínte EIOPA maidir le húsáid LEI (EIOPA-BoS-14-026), ar fáil ag: https://www.eiopa.europa.eu/document-library/guidelines/guidelines-use-of-legal-entity-identifier_en.

shaoirse soláthair seirbhísí a aicmiú agus a chomhiomlánú.

9. Trí na rialacha LEI is féidir na heintitis dhlítheanacha thuasluaite a aithint go soiléir, gan aon neamhréireacht ná éiginnteacht aitheantais mar gheall ar chóid náisiúnta nó ar a n-ainm. Feabhsaíonn an catagóiriú seo cáilíocht agus tráthúlacht na sonraí comhiomlánaithe ag leibhéal AE agus sa deireadh laghdaíonn sé ualach an tuairiscithe ar eintitis tuairiscithe a oibríonn thar teorainneacha.

10. Ach eintitis dhlítheanacha cóid chomhroinnte a úsáid chun sonraí a bhailiú agus a scaipeadh, éascófar an nasc le bunachair sonraí éagsúla agus le foinsí eile faisnéise atá ar fáil ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta freisin.

11. Agus na tairbhí atá ag baint le LEI, moltar do na heintitis dhlítheanacha a bhfuil a bpríomhoifig i LEE agus a dtagraítear dóibh sna Treoirí seo LEI a éileamh dá mbrainsí atá bunaithe i dtríú tír agus do na heintitis dhlítheanacha tríú tír agus do na gnóthais neamhrialáilte ar cuid den ghrúpa iad de réir mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1)(c) de Threoir 2009/138/CE³.

12. Baineann na Treoirí seo le heintitis dhlítheanacha atá faoi shainchúram maoirseachta na n-údarás inniúil. Mar sin, ní bhaineann na Treoirí seo le daoine nádúrtha i bprionsabal.

13. Mar sin féin, tugtar faoi deara go bhfuil *“daoine aonair atá ag feidhmiú i gcáil ghnó i dteideal LEI a fháil, ar an gcoinníoll go ndéanann siad gníomhaíocht ghnó neamhspleách mar is léir ó chlárú i gclárlann gnó, agus ní eisítear ach LEI amháin don duine céanna agus fíorúcháin shásúla ann nach gcuireann cosaint sonraí, príobháideacht nó constaicí eile cosc le foilsiú an chomhaid sonraí LEI reatha”*⁴.

14. Dá bhrí sin, chun críocha na dTreoirí seo, i gcás gur idirghabhálaithe iad daoine nádúrtha a oibríonn thar teorainneacha in LEE, ba cheart LEI a bheith acu.

15. Cuirtear san áireamh sna Treoirí seo Moltaí an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach (BERS) maidir le heintitis dhlítheanacha a aithint⁵ (Moladh B go háirithe) ina moltar d'údarais ábhartha⁶ éileamh nó, más bainteach, leanúint ag éileamh ar gach eintiteas dlítheanach atá páirteach in idirbhearta airgeadais faoina sainchúram maoirseachta LEI a bheith acu.

16. Cuirtear prionsabal na comhréireachta agus sainchúraimí dlí san áireamh sna Treoirí seo.

17. Mura sainmhínítear iad sna Treoirí seo, tuigtear na téarmaí de réir mar a shainmhínítear iad i dTreoir 2009/138/CE, i dTreoir (AE) 2016/2341⁷ agus i dTreoir (AE) 2016/97⁸. Chun críocha na dTreoirí seo, tá na sainmhínithe seo a leanas i bhfeidhm:

³ Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Athárachais agus an gnó sin a shaothrú (Dócmhainneacht II), (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

⁴ An Coiste Formhaoirseacht Rialála maidir le Córas Domhanda Aitheantóirí Eintiteas Dlítheanach “Statement on individuals acting in a business capacity” (Ráiteas faoi dhaoine aonair atá ag feidhmiú i gcáil ghnó), ar fáil ag: https://www.leiroc.org/publications/gls/lou_20150930-1.pdf.

⁵ Moladh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 24 Meán Fómhair 2020 maidir le heintitis dhlítheanacha a aithint (BERS/2020/12), ar fáil ag: [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32020Y1126\(01\)&qid=1606388881614&from=EN](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32020Y1126(01)&qid=1606388881614&from=EN).

⁶ Moladh ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 24 Meán Fómhair 2020 maidir le heintitis dhlítheanacha a aithint (BERS/2020/12) (2020/C 403/01); Roinn 2 Pointe 1 - Sainmhínithe.

⁷ Treoir (AE) 2016/2341 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le gníomhaíochtaí agus maoirsiú institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna) IO L 354, 23.12.2016, lch. 37).

⁸ Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 maidir le dáileadh árachais (athmhúnlú) (IO L 26, 2.2.2016, lch. 19).

- a) LEI - Is cód alfa-uimhriúil 20 carachtar é an tAitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) atá bunaithe ar chaighdeán ISO 17442 a d'fhorbair an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO). Nascann sé le faisnéis thagartha bhunriachtanach lenar féidir eintitis dhlítheanacha atá páirteach in idirbhearta airgeadais a aithint go soiléir agus go huathúil. Tá faisnéis i ngach LEI faoi struchtúr úinéireachta eintitis agus mar sin tugann sé le fios cé hé gach duine agus cé leis gach duine.
- b) GLEIF - Bunaithe ag an mBord um Chobhsaíocht Airgeadais i Meitheamh 2014, tá sé de chúram ar an bhFondúireacht Dhomhanda na nAitheantóirí Eintitis Dhlítheanaigh (GLEIF) tacú le cur i bhfeidhm agus úsáid an Aitheantóra Eintitis Dhlítheanaigh (LEI). Déanann an Coiste Formhaoirseacht Rialála maidir le Córas Domhanda Aitheantóirí Eintiteas Dlítheanach maoirseacht ar an bhfondúireacht agus feidhmíonn sé mar rannóg oibríochta an Chórais Dhomhanda LEI. Is eagraíocht fhornáisiúnta neamhbhrabúis í GLEIF a bhfuil a ceanncheathrú in Basel na hEilvéise.
- c) GLEIS - Córas Domhanda LEI a fheidhmíonn ar thrí leibhéal: An Coiste Formhaoirseacht Rialála maidir le Córas Domhanda Aitheantóirí Eintiteas Dlítheanach (LEI ROC), GLEIF agus Aonaid Áitiúla Oibriúcháin (LOUanna).
- d) Thacaigh an Bord um Chobhsaíochta Airgeadais (FSB) agus Grúpa an Fhichead (G20) le LEI, GLEIF agus GLEIS.
- e) LEI ROC – Is grúpa é an Coiste Formhaoirseacht Rialála (ROC) a bhfuil ballraíocht iomlán ag 69 n-údarás phoiblí ann agus 19 mbreathnóir as breis agus 50 tír a bunaíodh in Eanáir 2013 chun creat domhanda d'aitheantas eintiteas dlítheanach, an Córas Domhanda LEI, a chomhordú agus a mhaoirsiú.
- f) Eisitheoirí LEI – i.e. Aonaid Áitiúla Oibriúcháin (LOUanna) a eisíonn cóid LEI. Is iad LOUanna na fóntais a dtacaíonn ROC leo, nó a chreidiúnaíonn GLEIF faoi mhaoirseacht ROC, chun clárúcháin LEI a sholáthar do chláráithe agus seirbhísí eile. Soláthraíonn LOUanna seirbhísí cláráithe, athnuachana agus eile, agus is iadsan an príomh-chomhéadan d'eintitis dhlítheanacha ar mian leo LEI a fháil.

Treoirlínte 1 – Raon feidhme na n-eintiteas dlítheanach

18. Ba cheart go n-éileodh na húdaráis inniúla ar na heintitis dhlítheanacha seo a leanas ar a laghad faoina sainchúram maoirseachta LEI a bheith acu:

- a) eintitis dhlítheanacha atá faoi raon feidhme Treorach 2009/137/CE:
 - (i) gnóthais árachais agus athárachais. Na brainsí bunaithe in LEE a bhaineann le gnóthais árachais agus athárachais a bhfuil a bpríomhoifig in LEE, féadann siad LEI na ngnóthas árachais agus athárachais a úsáid;
 - (ii) an máthairghnóthas deiridh mar a shainmhínítear in Airteagal 215 de Threoir 2009/138/CE, agus gach gnóthas, seachas gnóthais neamh-LEE agus gnóthais neamhrialáilte, a chuimsítear i raon feidhme grúpa mar a shainmhínítear in Airteagal 212(1)(c) de Threoir 2009/138/CE;
 - (iii) cuideachtaí sealbhaíochta árachais gníomhaíochtaí measctha;

- (iv) brainsí bunaithe in LEE a bhaineann le gnóthais árachais nó athárachais a bhfuil a gceannoifig i dtríú tír.
- b) Institiúidí um chóir ar scor ceirde (IORPanna) atá cláraithe nó údaraithe de réir Treorach (AE) 2016/2341, a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) iomlán an chláir chomhardaithe de bhreis agus míle milliún Euro; nó
 - (ii) iomlán an chláir chomhardaithe de bhreis agus céad agus níos lú ná míle milliún Euro agus í ar cheann de na cúig IORP is mó sa Bhallstát i dtaca le hiomlán an chláir chomhardaithe.
- c) idirghabhálaithe árachais agus athárachais agus idirghabhálaithe árachais coimhdeacha a dhéanann gnó trasteorann de réir Treorach (AE) 2016/97, sa mhéid go dtagann siad faoi shainchúram maoirseachta an údaráis inniúil.

Treoirlínte 2 - Faisnéis a sholáthar do EIOPA

19. Ba cheart do na húdaráis inniúla a chinntiú go bhfuil na LEIanna a éilítear de réir na dTreoirlínte seo ann san fhaisnéis neamh-chomhiomlánaithe a sholáthraíonn siad do EIOPA maidir le heintitis dhlítheanacha nó grúpaí eintiteas dlítheanach faoina sainchúram maoirseachta.

20. Ba cheart do na húdaráis inniúla LEI a úsáid, má tá sé ar fáil, chun faisnéis a chuirtear ar fáil do EIOPA a aithint maidir le brainsí atá bunaithe i dtríú tír agus a bhaineann le gnóthas árachais nó athárachais a bhfuil a cheannoifig laistigh de LEE.

Rialacha Comhlíontachta agus Tuairiscithe

21. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh faoi Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010. De réir Airteagail 16(3) den Rialachán sin, éilítear ar údaráis inniúla agus ar institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh chun treoirlínte agus moltaí a chomhlíonadh.

22. Ba cheart d'údaráis inniúla a chomhlíonann na Treoirlínte seo, nó a bhfuil de rún acu iad a chomhlíonadh, iad a ghlacadh isteach ina gcreat rialála nó maoirseachta ar bhealach iomchuí.

23. Tá ar údaráis inniúla deimhniú do EIOPA cibé acu a chomhlíonann siad na Treoirlínte seo nó atá rún acu iad a chomhlíonadh, agus na cúiseanna leis an neamhchomhlíonadh, faoi cheann dhá mhí tar éis eisiúint na leaganacha aistrithe.

24. Mura bhfaightear freagra faoin spriocdháta seo, measfar go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach leis an tuairisciú agus tuairisceofar iad mar sin.

Foráil dheiridh ar athbhreithniú

25. Beidh na Treoirlínte seo faoi réir athbhreithnithe ag EIOPA.